Tuath Housing

CÍOS DE RÉIR COSTAIS



# ARD RAITHNÍ

## BEARNA, GAILLIMH





Tuath Housing

# ÁBHAR


| | |
|---|---|
| Cíos de réir Costais | 4 |
| Ard Raithní | 8 |
| Rátaí cíosa agus éarlaisí | 9 |
| Caighdeáin foirgníochta agus éifeachtúlacht tí | 10 |
| Áiseanna sa cheantar agus rochtain | 18 |

# CÍOS DE RÉIR COSTAIS





# CAD IS CÍOS DE RÉIR COSTAIS ANN?

Is cineál seachbhrabúsach de thithíocht ar cíos é Cíos de réir Costais ina mbíonn costais tógála, bhainistíochta agus chothabhála do thí nua san áireamh sa chíos a íocann tú. Agus cíosanna socraithe ag ráta atá 25% ar a laghad faoi bhun ráta an mhargaidh áitiúil, tugann Cíos de réir Costais deis duit tionóntacht fhadtéarmach sheasmhach níos inacmhainne a fháil.

Is é Tuath an príomhchomhlacht a chuireann tithíocht ar Cíos de réir Costais ar fáil in Éirinn, agus tá na céadta teach nua réidh le cur ar fáil aige do phobail ar fud na hÉireann.

**Maidir leis na híomhánna go léir sa bhróisiúr seo, tabhair faoi deara nach bhfuil siad ann ach mar áis léirithe, agus tá seans ann nach mbeadh na tithe críochnaithe díreach mar an gcéanna leo.*



# CÚISEANNA LE CÍOS DE RÉIR COSTAIS A ROGHNÚ?

- **Tionacht fhadtéarmach sheasmhach:** Caithfidh tú tréimhse phromhaidh sé mhí i do theach nua ar dtús, agus as sin amach ní bheidh aon teorainn le fad do thionóntachta*.
- **Seachbhrabúsach:** Socraítear cíosanna ag ráta atá 25% ar a laghad faoi bhun ráta an mhargaidh áitiúil. Socraítear na rátaí sin chun costas tógála agus cothabhála do thí nua a chlúdach, ní chun brab.
- **Tithe ar ardchaighdeán i measc pobail inbhuanaithe:** Is tithe nua-aimseartha iad na tithe a chuireann Tuath ar fáil ar Cíos de réir Costais, bíonn siad tíosach ar fhuinneamh agus compordach, agus suite i measc pobail bheoga inbhuanaithe.
- **Foireann bainistíochta a bhfuil an-taithí aici:** Is eagraíocht ghairmiúil tithíochta é Tuath ag a bhfuil an-taithí ar thithíocht ar Cíos de réir Costais a chur ar fáil, cuireann sé seirbhís den scoth ar fáil do chónaitheoirí agus tugann sé suaimhneas intinne dóibh.



# AN BHFUILIM I DTEIDEAL TEACH A FHÁIL AR CÍOS DE RÉIR COSTAIS?

## NÍ MÓR DUIT A BHEITH IN ANN NA NITHE SEO A LEANAS A CHRUTHÚ CHUN IARRATAS A DHÉANAMH AR CHEANN DÁR DTITHE AR CÍOS DE RÉIR COSTAIS: :

- Tá do ghlanioncam teaghlaigh faoi bhun €66,000 in aghaidh na bliana chun teach a fháil i mBaile Átha Cliath nó faoi bhun €59,000 chun teach a fháil in aon áit eile sa tír
- Tá sé d'acmhainn agat íoc as cíos an tí
- Ní úinéir tí thú
- Ní fhaigheann tú aon tacaíochtaí tithíochta sóisialta
- Tá méid na réadmhaoine cónaithe a fógraíodh oiriúnach do líon na ndaoine i do theaghlach
- Níor chuir do theaghlach ach aon iarratas amháin isteach ar réadmhaoin chónaithe ar leith ar Cíos de réir Costais

*Ní mór duit an cíos a íos agus oibleagáidí tionóntachta a chomhlíonadh ar bhonn seasmhach chun tionóntacht bhuan a choinneáil. Tá na téarmaí agus coinníollacha a bhaineann le tithíocht ar Cíos de réir Costais in Éirinn i gcomhréir leis na téarmaí agus coinníollacha atá leagtha amach san Acht um Thithíocht Inacmhainne, 2021.



# ARD RAITHNÍ

**TÁ ÁTHAS AR TUATH HOUSING 14 THEACH NUA-AIMSEARTHA AR CÍOS DE RÉIR COSTAIS A CHUR AR FÁIL IN ARD RAITHNÍ. BAINEANN TIONACHT MHEASCTHA LEIS AN EASTÁT TITHÍOCHTA TARRAINGTEACH COIS FARRAIGE SEO ATÁ SUITE GAR DO RÉIMSE LEATHAN ÁISEANNA I MBEARNA, CONTAE NA GAILLIMHE.**



**Cíosanna**

Árasán 2 Sheomra leapa
– €1,380 in aghaidh na míosa

Árasán dhá urlár 3 Sheomra leapa
– €1,590 in aghaidh na míosa

**Éarlaisí**

Árasán 2 Sheomra leapa
– €1,330

Árasán dhá urlár 3 Sheomra leapa
– €1,540



# CAIGHDEÁIN FOIRGNÍOCHTA AGUS ÉIFEACHTÚLACHT TÍ

## TÁ RÁTÁIL A AG NA TITHE IN ARD RAITHNÍ AGUS CUIREADH BAILCHRÍOCH D'ARDCHAIGHDEÁN ORTHU AR MHAITHE LE COMPORD AGUS ÁISIÚLACHT.

### Éifeachtúlacht Fuinnimh agus Inbhuanaitheacht

Dearadh na tithe in Ard Raithní le bheith dea-inslithe agus aerdhíonach, agus tá painéil ghréine agus teaschaidéil acu go léir. Tá rátáil fuinnimh foirgníochta (RFF) 'A' (an rátáil is airde is féidir a fháil) ag na tithe seo mar gheall ar an mbailchríoch ardchaighdeáin sin, rud a fhágann go mbeidh lorg carbóin íseal acu agus go mbeidh siad tíosach ar fhuinneamh.



## Bailchríocha ar an taobh amuigh

- Maidir le dearadh ailtireachta na dtithe, tá clocha Lacken in áiteanna ar leith ar na ballaí tosaigh agus plástar a bhfuil bailchríoch bhrutha air péinteáilte idir na clocha sin
- Éadan agus tairr alúmanaim
- Maidir le dearadh ailtireachta na mbalcóiní, is as cruach phúdarbhrata atá siad déanta agus urlár comhchodach adhmadbhunaithe acu nach gá mórán aire a thabhairt dó

## Fuinneoga agus doirse

- Fuinneoga agus doirse déghloinithe den scoth nach scaoileann mórán teasa amach
- Tá doirse idir na tithe agus balcóiní príobháideacha

## Bailchríocha ar an taobh istigh

- Tá péint ar na ballaí agus síleálacha go léir agus bailchríoch curtha orthu le brat péinte eibleachta
- Bailchríoch curtha ar ábhar adhmaid agus siúinéireachta le holaphéint shróil

## Cistineacha

- Cistineacha galánta ó Regan Kitchens
- Oigheann/iarta agus cuisneoir/reoiteoir ionsuite
- Meaisín Níocháin agus Triomadóir Rothlaim curtha ar fáil

## Seomraí folctha agus seomraí folctha en suite

- Tá feistis ghalánta sláintíochta sna seomraí folctha agus sna seomraí folctha en suite
- Tá bailchríoch phéinteáilte ar gach seomra folctha agus iad maisithe le tíleanna in áiteanna
- Córas teo-uisce bhrúchóirithe do na folcadáin agus cithfholcadáin

## Téamh agus aeráil

- Córas aerála aisghabhála teasa atá an-éifeachtúil agus atá deartha chun aer úr scagtha cóirithe a chur ar fáil ar bhonn leanúnach, rud a laghdaíonn ídiú fuinnimh agus a chuireann aer ardchaighdeáin ar fáil taobh istigh ar mhaithe le compord
- Córas pumpála teasa aer go huisce a chuireann uisce te tí ar fáil am ar bith agus téamh atá tíosach ar fhuinneamh.

## Stóráil agus fóntais

- Tá spás breá mór le haghaidh stórála sna seomraí fóntais agus sna seomraí cótaí
- Is féidir meaisín níocháin agus triomadóir rothlaim a shuiteáil sna hárasáin gan rómhoill óir tá an phluiméireacht déanta cheana

## Córas idirchumarsáide

- Is féidir le cónaitheoirí an closchóras idirchumarsáide a úsáid chun cuairteoirí a aithint agus a scrúdú gan doirse a oscailt

## Áiseanna do chónaitheoirí

- Beidh naíolann shaincheaptha ar an láithreán freisin
- Mionpháirceanna, dromchla súgartha uile-aimsire agus clós súgartha do leanaí
- Spásanna páirceála do chairr agus spásanna sábháilte stórála faoi dhíon do rothair
- Pointí luchtaithe d'Fheithiclí Leictreacha




# ÁRASÁN 2 SHEOMRA LEAPA

89 sqm | 957 sqft









**Chun Léiriú a thabhairt**

Is chun léiriú éigin a thabhairt ar na tithe críochnaithe a chuirtear pleananna agus toisí ar fáil, ach d’fhéadfadh athruithe teacht orthu. Níl na hamharcíomhánna ann ach mar áis léirithe, agus d’fhéadfadh sé nach mbeadh na tithe críochnaithe díreach cosúil leo.

# ÁRASÁN DHÁ URLÁR 3 SHEOMRA LEAPA

120 sqm | 1292 sqft

**Chéad Urlár**




**Dara hÚrlár**



## Rochtain na talún

Bealach isteach ag leibhéal na talún le cásanna staighrí inmheánacha ag dul go dtí áit chónaithe an Chéad Urlár agus seomraí codlata agus seomra folctha ar an Dara hÚrlár.







### Scoileanna

- Scoil na bhForbacha
- Scoil Náisiúnta na Buaile Bige
- Scoil Shéamais Naofa
- Coláiste Na Coiribe
- Meánscoil na gCailíní (Salerno)
- Coláiste Éinde
- Scoil Chroí Mhuirea

### Siopadóireacht

- Súil Eile Space
- Design House Bearna
- Evergreen Healthfoods
- Clarke's SuperValu

### Spórt


- CLG Bhearna (Bearna GAA Club)
- Bearna Na Forbacha Aontaithe
- Club Gailf Bhearna

### Iompar Poiblí

- Ón Fhaiche Mór go Bearna – bealaí bus 414 agus 424, feadh an mhórlána bus

### Áiteanna Spéise

- Cé Bhearna
- Trá na gCeann
- Coill Bhearna
- Rusheen Bay Windsurfing
- O'Grady's on the Pier




# ÁISEANNA SA CHEANTAR AGUS ROCHTAIN

Tá Ard Raithní suite i sráidbhaile Bhearna, sráidbhaile bríomhar Gaeltachta ar thairseach Chonamara. Tá Ard Raithní suite in áit an-áisiúil nach bhfuil ach 7.5km ó Chathair na Gaillimhe agus óna bhfuil rochtain éasca ar scoileanna agus institiúidí tríú leibhéal (Scoil Náisiúnta na Buaile Bige, Coláiste na Coiribe, Ollscoil na Gaillimhe), seirbhísí riachtanacha (Ospidéal na hOllscoile, Gaillimh), agus áiseanna áineasa (Gailfchumann Bhearna, Páirc Spóirt Bhearna, clós súgartha Lios na nÓg); chomh maith le Coill Bhearna agus Trá na gCeann.




## I gcarr

- Ospidéal na hOllscoile, Gaillimh – 13 nóiméad
- Gailfchumann Bhearna – 4 nóiméad
- An Fhaiche Mhór – 15 nóiméad
- Staid an Phiarsaigh – 8 nóiméad
- Stáisiún Traenach na Gaillimhe – 16 nóiméad
- Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh – 40 nóiméad

## Ar rothar

- Trá na gCeann – 7 nóiméad
- Ollscoil na Gaillimhe – 23 nóiméad
- Coill Bhearna – 5 nóiméad
- Promanáid Bhóthar na Trá – 12 nóiméad
- An Spidéal – 30 nóiméad

Chun tuilleadh eolais a fháil faoi na tithe a chuireann Tuath ar fáil ar Cíos de réir Costais, tabhair cuairt ar ár suíomh gréasáin: tuathhousing.ie/cost-rental/

tuathhousing.ie/cost-rental/

Tuath Housing

33 Leeson Street Lower D02 KD68

www.tuathhousing.ie

Tel: 01 676 1602